

Seicliosta Don Phlean Fiontraíochta/Gnámh

Déan cinnte gur féidir leat tic a chur le gach ráiteas sula dtugann tú suas do Phlean Fiontraíochta/Gnámh lena cheartú. Mura féidir tic a chur le ráiteas ar bith, déan na hathruithe riachtanacha.

An bhfuil do phlean cruthaithe le próiseálaí focal?

Ar sheiceáil tú líon na bhfocal – an bhfuil sé idir 300 agus 600 focal?

An bhfuil do phlean scríofa san aimsir fháistineach (cé is moite den rannán “Anailís ar Mhodhanna Taighde” ar chóir bheith scríofa san aimsir chaite)

An raibh tú comhsheasmhach agus tú ag úsáid poncaíochta, ceannlitreacha, cló, béim srl.?

An bhfuil aon earráidí litrithe agus gramadaí ceartaithe agat?

Ar luaigh tú d'ainm mar údar?

An bhfuil an leagan amach agus an cur i láthair seiceáilte agat?

Ar luaigh tú teideal agus cuspóir an phlean?

Ar luaigh tú trí chuspóir ar a laghad?

Ar chuir tú cuspóir pearsanta amháin ar a laghad san áireamh chomh maith le cuspóirí grúpa?

Ar luaigh tú ar a laghad trí mhodh taighde? (ag taispeáint cad is gá duit a dhéanamh chun do phlean a chur i gcrích)

An ndearna tú anailís ar gach modh taighde a rinne tú agus ar luaigh tú go soiléir na torthaí ag baint úsáide as an aimsir chaite?

Ar luaigh tú na céimeanna gníomhaíochta a chaithfidh tú a ghlacadh anois chun an ghníomhaíocht a chríochnú?

Ar luaigh tú cá fhad a thógfaidh gach beart gníomhaíochta seo?

An bhfuil aon chostais luaite agat?

An bhfuil abairtí iomlána scríofa agat?

Ar luaigh tú na modhanna measúnaithe a chuirfidh tú i bhfeidhm chun rath an phlean a mheas?

Ar luaigh tú conas a bheidh a fhios agat ar baineadh amach do chuspóirí?

An bhfuil na modhanna meastóireachta go léir a úsáidfidh tú nasctha le do chuspóirí?

Déan do Phlean a phrofáil arís sula gcuimsítear i d'fhillteán é. Déan aon cheartúcháin cuí. Ná déan dearmad do Phlean is fearr a chur isteach le haghaidh measúnaithe.